



# SCÉAL EILE COMÓRTAS SCRÍBHNEOIREACHTA BUNSCOILEANNA

Tá an-áthas ar An Post agus Cumann Múinteoirí Éireann an **Comórtas Scríbhneoireachta Scéal Eile** a fhógairt le haghaidh 2019.

I mbliana, táimid ag iarraidh ar scoláirí smaoineamh ar na leabhair is fearr leo agus scéal a scríobh bunaithe ar an domhan sin. Pléigh scéalta den scoth agus carachtair iontacha agus samhlaigh céard a tharlódh dá mbeadh an léitheoir i gceannas ar an scéal.

## TÉAMA

Caithfidh baint a bheith ag gach iontráil leis an téama 'Críoch dhifriúil leis an scéal is fearr leat' nó 'Críoch dhifriúil le scéal carachtair thánaistigh (ón scéal is fearr leat)'.

## CATAGÓIRI IONTRÁLA AGUS CRITÉIR

Tá ceithre chatagóir ann do bhunscoileanna:

1. Na Naionáin Shóisearacha agus na Naionáin Shinsearach: \*Iarrtar ar na daltaí an fhoirm iontrála ina bhfuil stiallghreannán cúig bhosca a úsáid (is féidir an fhoirm iontrála sin a ioslódáil)
2. Rang a hAon agus Rang a Dó: \*Iarrtar ar na daltaí suas le 100 focal a scríobh de lámh ar an teimpléad (is féidir é sin a ioslódáil)
3. Rang a Trí agus Rang a Ceathair: \*Iarrtar ar na daltaí suas le 150 focal a scríobh de lámh ar an teimpléad (is féidir é sin a ioslódáil)
4. Rang a Cúig agus Rang a Sé: \*Iarrtar ar na daltaí suas le 250 focal a scríobh de lámh ar an teimpléad (is féidir é sin a ioslódáil)





# SCÉAL EILE COMÓRTAS SCRÍBHNEOIREACHTA BUNSCOILEANNA

Tá Catagóir Speisialta ann freisin do dhaltáí a bhfuil aon riachtanais oideachais speisialta nó bhreise acu.

**Catagóir Speisialta: Daltáí a bhfuil aon riachtanais oideachais speisialta nó bhreise acu:** Iarrtar ar na daltaí iontráil a scríobh de lámh, gan aon íoslíon focal, ar an bhfoirm iontrála atá curtha ar fáil nó ar an bhfoirm iontrála ar a bhfuil stiallghreannán cúig bhosca (is féidir an dá fhoirm iontrála sin a íoslódáil)

**Caithfear** gach iontráil a scríobh ar theimpléad oifigiúil, ní ghlacfar le rud ar bith eile. Tá na teimpléid ar fad ar fáil le híoslódáil.

## CRITÉIR MHOLTÓIREACHTA

Déanfar na hiontrálacha a mheas bunaithe ar chruthaitheacht an tsaothair, agus cuirfear inléiteacht agus soiléireacht na lámhscríbhneoireachta san áireamh freisin. Is iad seo na critéir mholtóireachta:

1. Cur le chéile an scéil
2. Forbairt Carachtair
3. Lámhscríbhneoireacht, inléiteacht agus soiléireacht

